
An Coimisiún Eorpach

# BEARTAIS NÍOS ÉIFEACHTAÍ UM FHOGHLAIM AOSACH A BHAINT AMACH

### AG CUIDIÚ LE hAOSAIGH AN tEOLAS AGUS NA SCILEANNA ATÁ DE DHÍTH ORTHU A FHORBAIRT.



## DÚSHLÁN NA FOGHLAMA AOSACH

Bíonn raon leathan d'eolas agus scileanna de dhíth ar gach aon duine chun go ndéanfaidh siad go maith sa domhan atá de shíor ag athrú – agus leanúint dá bhforbairt ar feadh an tsaoil. Seo í príomhtheachtaireacht sa Chlár Oibre do Scileanna Nua don Eoraip [*féach bosca*]. Gan na scileanna cearta, bíonn neart daoine ag obair i bpoist ar chaighdeán íseal, bíonn siad dífhostaithe, nó gan dóthain cáilíochtaí acu do ghlúin nua de dheiseanna fostaíochta. Mura bhfuil na bunscileanna litearthachta, uimhearthachta agus digiteacha ag duine, d'fhéadfadh an gnáthshaol a bheith ina dhúshlán.

Is é an dúshlán – atá leagtha amach sa Chlár Oibre Eorpach d'Fhoghlaim Aosach [*féach bosca*] – tuilleadh aosach a spreagadh chun filleadh ar an bhfoghlaim. Chun é sin a bhaint amach, tá raon leathan straitéisí agus tionscnaimh beartais glactha ag AE agus na Ballstáit ina bhféachtar le feabhas a chur ar infhaighteacht, caighdeán, méid agus inrochtaineacht fhoriomlán na ndeiseanna don fhoghlaim aosach. Ina theannta sin, tá bearta á ndéanamh chun méadú a dhéanamh ar úsáid na ndeiseanna sin trí straitéisí éifeachtacha i dtaca le straitéisí éifeachtacha rochtana, treorach agus spreagtha ina ndírítear ar na grúpaí is mó gátar.

D'ainneoin na n-iarrachtaí seo, áfach, léirítear na nithe seo sna staitisticí:
- ní ghlacann ach duine amháin as gach 10 aosach Eorpacha páirt i gcineál éigin oideachais nó oiliúna
- maidir le breis agus ceathrú de na haosaigh uile, níl na bunscileanna litearthachta, uimhearthachta agus digiteacha acu atá riachtanach do neart de phoist an lae inniu.

Mar sin, conas is féidir beartais agus soláthar i dtaca le foghlaim aosach a dhéanamh níos éifeachtaí?

## AN DÚSHLÁN A THUISCINT

Le staidéar a d'ordaigh an Coimisiún Eorpach le déanaí "Anailís ghrinn ar bheartais um fhoghlaim aosach agus a n-éifeachtacht san Eoraip", rinneadh athbhreithniú ar an bhfianaise atá ar fáil. Dearbhaítear leis, cé go mbaineann tairbhí suntasacha eacnamaíochta agus sóisialta le foghlaim aosach do dhaoine aonair, do chomhlachtaí agus don tsochaí i gcoitinne, nach mbaineann ach fíorbheagán d'aosaigh na hEorpa leas as na deiseanna.

Sa staidéar freisin aibhsítear bealaí chun beartais a dhéanamh níos éifeachtaí, agus dá bhrí sin méadú a dhéanamh ar rannpháirtíocht aosach san fhoghlaim. Bunaithe ar a thorthaí, ainmnítear sa staidéar sé thoisc ríthábhachtacha chun rannpháirtíocht a mhéadú i ndeiseanna maidir le foghlaim aosach agus forbairt scileanna.

# SÉ CHÉIM CHUN BEARTAIS NÍOS ÉIFEACHTAÍ UM FHOGHLAIM AOSACH A BHAINT AMACH

## 1 MÉADÚ AR THOILTEANAS NA nAOSACH PÁIRT A GHLACADH SAN FHOGHLAIM, AGUS AR A NDEARCTHAÍ DEARFACHA INA LEITH

Braitheann rannpháirtíocht agus coinneáil ar dhea-cháil a bheith ar an bhfoghlaim aosach agus ar dhearcadh dearfach a bheith ag foghlaimeoirí aonair ina leith. Chun a dheimhniú go bhfuil an scéal amhlaidh, féadfaidh na Ballstáit oibriú le comhpháirtithe sóisialta agus le páirtithe leasmhara eile chun feasacht a mhéadú faoin iliomad tairbhí a bhaineann leis an bhfoghlaim aosach, chun teagmháil a dhéanamh le haosaigh is mó a mbainfeadh tairbhe aisti, agus chun eolas agus treoir shaincheaptha a sholáthar dóibh.

## 2 INFHEISTIÚ NA bhFOSTÓIRÍ SAN FHOGHLAIM AOSACH A SPREAGADH

De réir mar a athraíonn riachtanais do phost, ní mór d'fhostaithe na scileanna agus buanna atá acu cheana a fhorbairt – agus cinn nua a ghnóthú freisin. Chuige sin, is príomhthosca iad an fhorbairt ghairmiúil agus an jaboiliúint a fhéadfaidh aosaigh a ghríosadh chun filleadh ar an bhfoghlaim. Tá sé riachtanach a dheimhniú go ndéanann fostóirí infheistíocht san fhoghlaim d'aosaigh chun méadú a dhéanamh ar raon na ndeiseanna atá ar fáil agus freisin chun méadú a dhéanamh ar líon na bhfostaithe atá ag glacadh páirt san fhoghlaim.

## 3 FEABHAS A CHUR AR ROCHTAIN AR AN bhFOGHLAIM DO GHRÚPAÍ ATÁ FAOI MHÍBHUNTÁISTE AGUS DEACAIR LE MEALLADH

Tá neart cineálacha d'fhoghlaimeoirí fásta ann, agus tá go leor riachtanais foghlama acu. Níl aon réiteach amháin ann atá oiriúnach do chách: ba chóir do bheartais cláir shaincheaptha a áireamh agus a bheith solúbtha go leor chun freagairt do na riachtanais foghlama agus spreagthaí atá ag gach duine aonair — lena n-áirítear forbairt bunscileanna d'fhoghlaimeoirí ar bheagán scileanna. Chun é sin a bhaint amach, moltar go mbunófaí comhpháirtíochtaí le heagraíochtaí idirghabhálaí amhail grúpaí pobail agus ceardchumainn.

## 4 FEABHAS A CHUR AR ÁBHARTHACHT NA FOGHLAMA AOSACH DO GACH DUINE ATÁ PÁIRTEACH

Más rud é go dtugann deiseanna oideachais agus oiliúna aghaidh ar riachtanais agus spreagthaí sonracha an fhoghlaimeora agus an fhostóra, ní amháin go dtagann méadú ar rannpháirtíocht, ach bíonn an toradh deiridh níos fearr freisin: rud a chiallaíonn scileanna níos airde, rochtain ar jabanna níos fearr agus torthaí sóisialta níos fearr. Dá bhrí sin, ba chóir beartais agus soláthar um fhoghlaim aosach a dhearadh ar bhealach a fhreagraíonn do ghrúpaí éagsúla úsáideoirí.

## 5 CÁILÍOCHT NA nDEISEANNA FOGHLAMA D'AOSAIGH A DHEIMHNIÚ

Tá sé tábhachtach go mbeadh soláthar na foghlama d'aosaigh ar ardchaighdeán, chun torthaí dearfacha a chinntiú d'fhoghlaimeoirí, d'fhostóirí agus don phobal, agus freisin chun an úsáid is éifeachtaí a bhaint as infheistíocht phoiblí.

## 6 COMHORDÚ AR BHEARTAS UM FHOGHLAIM AOSACH AG LEIBHÉIL NÁISIÚNTA, RÉIGIÚNACHA AGUS ÁITIÚLA

Chun go n-éireoidh chomh maith agus is féidir le beartas, ní mór na tionscnaimh éagsúla atá ar bun ar na leibhéil náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla a chomhordú go héifeachtach, agus comhar éifeachtach a bheith ann idir na hinstitiúidí, eagraíochtaí agus páirtithe leasmhara éagsúla.

# UIRLIS CHUN FEABHAS A CHUR AR AN mBEARTAS UM FHOGHLAIM AOSACH

Tá na sé thoisc ratha seo i gcroílár uirlis anailíse beartais nua a cruthaíodh le húsáid ag gach duine atá páirteach sa bheartas um fhoghlaim aosach.

Mórthoradh de chuid an staidéir is ea é seo: sular féidir beartas a bheachtú chun a chuspóirí a bhaint amach ar bhealach níos fearr, ní mór don lucht déanta beartas ar dtús tuiscint níos soiléire a fháil ar an gcaoi ina bhfeidhmíonn cuir chuige beartais éagsúla. Chuige seo, ní mór bailiúcháin níos córasaí de shonraí a bheith ann, agus cuir chuige níos déine i dtaca leis an bhfaireachán ar bheartas. Tá sé mar aidhm leis an uirlis nua cuidiú le lucht déanta beartas leis an dá chúram seo.

Tá dhá phríomheilimint san uirlis. Ar an gcéad dul síos tá creat anailíse [*féach bosca*] chun cuidiú le lucht déanta beartas beartas um fhoghlaim aosach a dhearadh agus a mheas. Ar an dara dul síos tá sraith táscairí ann chun cuidiú le faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme beartas, chun meastóireacht a dhéanamh ar thionchar beartas, agus chun na torthaí sin a chur i gcomparáid leis na torthaí ó na Ballstáit eile.

**Tá leagan idirghníomhach ar líne den uirlis seo ar fáil ar shuíomh gréasáin EPALE**
https://ec.europa.eu/epale/ga/policy-tool

# CREAT CHUN ANAILÍS A DHÉANAMH AR AN mBEARTAS UM FHOGHLAIM AOSACH

## PRÍOMHTHOISC RATHA — CÉIMEANNA CHUN RATHA

**1. Feabhas ar dhearcadh na bhfoghlaimeoirí i leith na foghlama**
- 1.1. Feasacht a mhéadú i dtaca le tairbhí na foghlama aosach
- 1.2. Soláthar do threoir spriocdhírithe d'fhoghlaimeoirí maidir le roghanna foghlama
- 1.3. Comhpháirtithe sóisialta a chur i mbun phleanáil agus chur chun cinn na foghlama aosach, agus le foghlaimeoirí a earcú chuici
- 1.4. Eispéiris foghlama tosaigh chuí a sholáthar d'fhoghlaimeoirí

**2. Méadú ar in-fheistíocht na bhfostóirí san fhoghlaim**
- 2.1. Maoiniú a thabhairt chun cuidiú le fostóirí a lucht saothair a uasoiliúint agus a athoiliúint
- 2.2. Fostóirí a spreagadh chun cáilíochtaí atá creidiúnaithe goseachtrach a úsáid
- 2.3. Foghlaim a chur chun cinn atá bunaithe ar an obair

**3. Feabhas ar chothromas na rochtana do chách**
- 3.1. Maoiniú a thabhairt don fhoghlaim do ghrúpaí atá faoi mhíbhuntáiste agus deacair le mealladh, lena n áirítear daoine atá neamhghníomhach agus daoine dífhostaithe
- 3.2. Treoir agus seirbhísí tacaíochta spriocdhírithe a sholáthar agus cláir a chur chun cinn d'fhoghlaimeoirí i ngrúpaí atá faoi ghannionadaíocht
- 3.3. Scéim a sholáthar chun aitheantas a thabhairt don fhoghlaim roimhe (neamhfhoirmiúil agus seach-fhoirmiúil)
- 3.4. Eagraíochtaí idirghabhála a úsáid d'fhor-rochtain ar ghrúpaí atá deacair le mealladh
- 3.5. Forbairt bunscileanna a leabú i gcláir foghlama aosaí

**4. Foghlaim a sholáthar a shásaíonn riachtanais na bhfostóirí agus na bhfoghlaimeoirí**
- 4.1. Tuiscint agus sainaitheantas ar riachtanais agus speagthaí na bhfoghlaimeoirí
- 4.2. Riachtanais scileanna na bhfostóirí faoi láthair agus amach anseo a shainaithint (trí thus scileanna) agus soláthar a ailíniú leo sin
- 4.3. Nuálacha agus solúbthacht a chothú i dtaca le soláthar na foghlama
- 4.4. Conairí um dhul chun cinn a sholáthar d'fhoghlaimeoirí ar fud an chreata náisiúnta cáilíochtaí

**5. Foghlaim aosach ardchaighdeáin a sholáthar**
- 5.1. Creat rialaithe cáilíochta a bhunú d'fhaireachán agus meastóireacht ar chláir um fhoghlaim aosach
- 5.2. Lucht saothair oilte aosoideachais a fhorbairt trí oiliúint tosaigh múinteoirí agus forbairt ghairmiúil leanúnach

**6. Comhordú ar bheartas éifeacht um fhoghlaim ar feadh an tsaoil**
- 6.1. Beartas um fhoghlaim aosach (nó foghlaim ar feadh an tsaoil) a chomhordú le beartais náisiúnta eile chun feabhas a chur ar eolas, scileanna agus inniúlachtaí aosach
- 6.2. Sásraí a bhunú d'ailíniú beartais ar leibhéil áitiúla agus réigiúnacha
- 6.3. Bunachar faisnéise a thógáil maidir le cad a mbíonn rath air san fhoghlaim aosach

## TÁSCAIRÍ ARLEIBHÉAL AN CHÓRAIS

- **1: Rann-pháirtíocht mhéa-daithe san fhoghlaim aosach**
- **2: Scile-anna agus inniúlachtaí níos fearr**
- **3: Cáilíocht foghlama níos airde**

## TORTHAÍ

**Daoine aonair**
- 1. Ioncam méadaithe
- 2. Folláine fheabhsaithe (sláinte san áireamh)

**Fostóirí**
- 3. Infhostaitheacht mhéadaithe
- 4. Bearna scileanna laghdaithe

**Pobal**
- 5. Cáilíochtaí níos ábhartha
- 6. OTI níos airde
- 7. Leibhéil níos airde de rannpháirtíocht shibhialta agus shóisialta
- 8. Leibhéil comhionannais níos fearr

KE-02-16-849-GA-N

## TUILLEADH EOLAIS

*Sa staidéar "Anailís ghrinn ar bheartais um fhoghlaim aosach agus a n-éifeachtacht san Eoraip", a rinneadh le tacaíocht ón gCoimisiún Eorpach, tugtar léargas ar an taighde atá ann faoi láthair i dtaca le beartais um fhoghlaim aosach chun tacú leis an gClár Oibre Eorpach d'Fhoghlaim Aosach a chur i bhfeidhm. Rinneadh é i ndlúthchomhar leis an nGrúpa Oibre um Oideachas agus Oiliúint 2020 de shaineolaithe náisiúnta ar an bhfoghlaim aosach.*

*Is féidir an staidéar a fháil ag:*
http://ec.europa.eu/social/main.jsp?catId=738&langId=ga&pubId=7851&type=2&furtherPubs=yes

## AN CLÁR OIBRE EORPACH D'FHOGHLAIM AOSACH

Sa bhliain 2011 ghlac AE an Clár Oibre Eorpach d'Fhoghlaim Aosach. Is é cuspóir an tionscnaimh Eorpaigh seo um chomhoibriú beartais go ndéanfadh na Ballstáit aosaigh a chumasú agus a spreagadh chun a scileanna agus a n-inniúlachtaí a fhorbairt agus a fheabhsú i ngach céim dá saolta.

Is éard atá i gcroílár an bheartais seo tuiscint go bhfuil an fhoghlaim ar feadh na haosachta ina cuid riachtanach de chonair na foghlama ar feadh an tsaoil. Sainítear foghlaim aosach mar oideachas nó oiliúint ghinearálta nó gairmoideachas nó gairmoiliúint ar bith, bíodh sé foirmiúil, neamhfhoirmiúil nó seachfhoirmiúil, a dhéantar i ndiaidh oideachas agus oiliúint tosaigh a chríochnú.

Sainaithnítear sa bheartas roinnt tosaíochtaí Eorpacha comhroinnte chun ardú suntasach a dhéanamh ar cháilíocht agus ar líon na ndeiseanna foghlama aosach atá ar fáil faoi 2020. Ina measc siúd tá béim nua ar bhunscileanna aosach a fhorbairt.

## AN CLÁR OIBRE DO SCILEANNA NUA DON EORAIP

Tá dúshlán na foghlama aosach ar cheann de na dúshláin scileanna atá le sárú ag AE. D'fhonn caipiteal daonna na hEorpa a bharrfheabhsú, infhostaitheacht a neartú agus iomaíochas a mhéadú, moltar sa Chlár Oibre do Scileanna Nua don Eoraip 2016 do na Ballstáit, na comhpháirtithe sóisialta, lucht tionscail agus páirtithe leasmhara eile comhoibriú chun feabhas a chur ar cháilíocht agus ábharthacht múnlú scileanna, scileanna a dhéanamh níos sofheicthe agus níos inchomparáide agus feabhas a chur ar fhaisnéis agus eolas scileanna chun roghanna gairme níos fearr a dhéanamh.

Príomhchuspóir is ea cuidiú le haosaigh ag a bhfuil cáilíochtaí agus scileanna ísle. Sa Chlár Oibre do Scileanna moltar go mbunófaí Ráthaíocht Scileanna don 64 milliún d'aosaigh na hEorpa nár chríochnaigh a n-iarbhunoideachas. Is í an aidhm cuidiú leo leibhéal íosta a bhaint amach de scileanna litearthachta, uimhearthachta agus digiteacha agus/nó dul ar aghaidh chuig cáilíocht iarbhunoideachais uasta nó a coibhéis. Thosódh na rannpháirtithe trí dhul faoi mheasúnú ar scileanna chun na nithe seo a leanas a dhéanamh: a scileanna agus bearnaí scileanna ar bith a shainaithint, pacáiste foghlama a bheith curtha in oiriúint dá riachtanais ar leith, agus bailíocht agus aitheantas ar na scileanna atá gnóthaithe acu.

Oifig na bhFoilseachán

ISBN: 978-92-79-61175-9
doi:10.2767/13715 (print)
ISBN: 978-92-79-61152-0
doi:10.2767/283936 (PDF)

Léaráidí: Alexandre Mitraros – © An tAontas Eorpach Grianghraf nach bhfuil faoi chóipcheart an Aontais Eorpaigh, ní mór cead a fháil ón sealbhóir(í) cóipchirt féin.

© An Aontas Eorpach, 2016
Is ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, ach an fhoinse a admháil.

*Printed in Belgium*

Arna chlóbhualadh ar pháipéar bán saor ó chlóirín eiliminteach (ECF)